An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

Slándáil Baile

Doirse

Slándáil Dorais

Tiocfaidh formhór na n-ionróirí atá ag iontráil do chuid maoine isteach ceachtar acu trí dhoras nó trí fhuinneoig. Níl sé coitianta do dhaoine doirse nó fuinneoga a fhágáil ar oscailt, gan a bheith curtha faoi ghlas nó gan a bheith daingnithe go cuí. Tagann formhór na ndoirse seachtracha baile i gceann de na dearcthaí agus na nirt seo a leanas -

- Crua-adhmad soladach
- Crua adhmad a bhfuil painéilacht gloine ann
- Alúmanam
- PVC neamhphlaistithe
- Doirse Paitió nó sleamhnaithe
- Doirse Francacha

Brathann neart agus slándáil aon doras go príomha ar cháilíocht an ábhair a úsáidtear ina chuid tógála agus ar chaighdean na nglais agus na feistithe a úsaidtear

Brathfaidh cibé a fhaigheann ionróir rochtain ar do bhaile trí dhoirse seachtracha ar -

- Neart an ábhair tógála,
- Cáilíocht na nglais,
- Feistiú agus instealladh cuí

Is féidir linn a dtarraingt a laghdú mar phointe iontrála don bhuirgéir trí iarracht a dhéanamh na ghéithe riosca seo a laghdú.

Doirse Crua-Adhmaid

Ba cheart do dhoirse crua-adhmaid a bheith 44mm ar tiús ar a laghad agus cumas acu tacaíocht a thabhairt do cheapglais agus glais mortíse agus a bheith crochta ar a laghad trí hinse 100mm . Ba cheart do phainéal gloine, san áit a bhfuil siad feistithe, a bheith lannaithe go dtí 6.4mm ar tiús ar a laghad. Ba cheart bolta an dorais a bheith curtha go daingean ar an mballa ag 600mm ar a laghad ó chéile thart timpeall an fráma.

PVC neamhphlaistithe agus alúmanaim

Níl an cineál seo dorais feiliúnach i gcoitinne chun iad a retro-fheistiú le gléasanna slándála agus féadfaidh siad, san áit a bhfuil sé seo déanta, aon bharánta insteallta a chomhréitreach. Sna himthosca seo, ba cheart duit dul i gcomhairle le déantóir nó insteallóir i gcónaí mar is cuí.

Tá a bhformhór acu feistithe le córas ilphointe ghlasála agus tugann siad ardchéim cosaint slándála i gcoitinne.

Gnéithe Slándála an dorais

Ba cheart don tuldhoras rochtana ar aon theach cónaithe a bheith feistithe, san áit is féidir agus is cuí, leis na gnéithe slándála breisithe seo a leanas -

- **Breathnóir an Dorais**, a ba cheart a bheith leathan-uillinn, a cheadóidh don sealbhóir cuairteoirí a aithint sula n-osclaítear an doras.
- **Slabhra an Dorais nó Teorantóir** a cheadaíonn don sealbhóir srian a chur le hoscailt iomlán an dorais nó go dtí gur mian leat é.
- **Boltaí inse** a neartóidh an dorais i gcoinne iontrála le forneart.
- **Scipéad litreacha/Sriantóir**

Slándáil dorais agus caighdeánacha

Moltar go bhfuil gach doras iontrála/amach ceaptha le hionsá le forneart a sheasamh go dtí leibhéal inghlactha mar shampla caighdeán reatha slándála na Breataine do dhóirse PAS *24-1 'Doirse le Barrfeabhais Slándála'* nó a chomhionann. Beidh siad seo faoi réir coinníollacha tástála slándala ar leith.

Ní chomhlíonfaidh mórchuid na ndoirse atá feistithe faoi láthair do thithe leis an gcaighdeán seo. Beidh an chuid is mó nó gach cuid de na gnéithe seo a leanas mar chuid den dhoras slándála tí idéalach

- Glas caoch mortíse 5 luamhan go dtí BS 3621 - ar a bharr agus ag a bhun
- Ceapghlas laitse le háis glas caoch
- Boltaí inse chun an taobh inse den dhoras a threisiú.
- Slabhra dorais agus breathnóir leathan-uillinn

Is iomaí cineál glas agus córas glasála atá le fáil ar an margadh sa lá atá inniu ann. Ba cheart cuimhneamh áfach nach bhfeabhsóidh glas slándála cáilíochta a fhe-

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le
d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil
nó
tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

istiú do dhoras lag cheana féin, nó glas bocht a fheistiú do dhoras cáilíochta do chuid slándála ar chuma ar bith.

Bíonn glais baile ina gceapghlas laiste, mortíse (glas caoch nó saisghlas) i gcoitinne, nó féadfar meicníocht bolta ilghasála a bheith acu. Ba cheart do gach ceann acu comhlíonadh leis an gcaighdeán slándála cuí cuir i gcás BS 3621 nó a chomhionann. Cinnteoidh sé seo go raibh na glais tar éis a bheith tástálaithe ó thaobh na slándála de chun bradáil, druileáil agus sábhadh le forneart a sheasamh ar feadh tréimhse shainmhínithe.

Ba cheart do gach gléas slándála a bheith feistithe le scríúnna nó boltaí láidre. Glais caocha, nuair a fheistítear agus nuair a úsáidtear iad, séanfaidh siad buirgléirí chomh maith ó mhaoin a aistriú as do theach cónaithe trí na doirse.

Bíonn painéalacha gloine ar nó timpeall na ndóirse somhillte ach go háirithe agus ba cheart iad a sheachaint nuair is féidir é. De rogha air sin, ba cheart gloine lannaithe go dtí 6.4mm ar tiús ar a laghad a úsáid ina ionad.

Boscaí Litreacha
Nuair a bhíonn boscaí litreacha feistithe do dhoras ba cheart dóibh a bheith ar a laghad 400mm nó 16 orlach ó aon mheicníoch glasála. Cuideoidh caighdeán do bhosca litreach cosc a chur ar ghadaí ó bheith ag rochtain na nglais de láimh.

Doirse Paitió
Bíonn doirse paitió cibé acu ina nDoirse Francacha sleamhnaithe nó duilleog dúbailte uaireanta arb eol dóibh mar “Fuinneoga Francacha”.

Is é an laigeacht slándála is coitianta le doirse paitió atá le haimsiú ná ina gcuid feistithe ar feadh an ráille reatha. I roinnt cásanna ta sé indéanta an doras a ardú go huile agus go hiomlán as an ráille reatha. Ba cheart gléasanna frith-ardaithe ceadaithe a fheistiú.

Moltar go hard barraí slándála atá feistithe go hinmheanach, rud a gcuirfidh cosc ar na ndoirse a chur ó chéile fiú má bhíonn an meicníoch glasála forsáilte**.**
Féadfaidh ‘Boltaí Lámhacha’ nó ‘Boltaí Sleamhnaithe’, cibé acu is cuí, a fheistiú freisin chun an slándáil a threisiú sna doirse Paitió agus Francacha araon. Tabharfaidh glasaire a bhfuil cáil air nó uirthi moltaí duit da réir.

Doirse Inmheánacha
Bíonn formhór na ndóirse baile inmheánacha croí follamh agus bíonn siad feistithe le gláis mortíse dhá-luamhan. Ba cheart gan aird a thabhairt orthu mar slándáil mhaith a sholáthar ach mar bheart breise le moill a chur ar ionróir. Is ciallmhar an rud é na doirse seo a fhágáil gan ghlas a chur orthu, nuair a bhíonn an teach folamh, mar is annamh a gcuirfidh said srian le hionróir diongbhailte agus is dócha go gcuirfidh sé le tuilleadh loitiméireachta atá á déanamh.

Eochracha
Is nós comónta é ná na heochracha a fhágáil istigh ina meicníoch glasála. Is cleachtas amadánta é seo mar gheall ar gur féidir leis cuidiú le buirgléirí ina dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, is féidir leo a bheith úsáidte ag foghlaí chun iontráil a shéanadh duitse go dtí do theach cónaithe agus ar an dara dul síos; is féidir leo a bheith goidte nó bainte as nó aithris déanta orthu. I gcás doirse san áit a bhfuil iontráil nó bealach amach rialaithe le heochair amháin tá sé riachtanach go bhfuil áit agus stóráil slán na n-eochracha seo ar eol do gach sealbhóir i gcás dóiteáin nó aslonnú éigeandála. Ba cheart cód datha nó uimhir a chur ar eochracha seachas iad ainmniú mar gheall ar go mbacfaidh sé seo a aitheantas don ionróir.

Réamhchúraimí in aghaidh Dóiteain
Ba cheart aon athruithe fisiciúla atá déanta do dhoirse i do theach cónaithe gan moilliú ná srian a chur ar do bhealach amach gan ghá i gcás airdeall dóiteáin nó aslonnaithe.

Ba cheart eochracha a choimeád inrochtana do shealbhóirí ach as raon d’fhoghlaí féideartha nó do bhuirgléirí.

Cuimhnigh air seo!
Nuair a bhíonn duine sa bhaile, is í sábháilteacht dóiteáin do chuid tosaíochta; nuair nach mbíonn duine sa bhaile, áfach ís é slándáil an chloch is mó ar do phaidrín.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán. Ar gach uairibh is críon é comhairle ghairmiúil chuí a lorg áit a dhéantar breisithe nó athruithe do do mhaoin le slándail a fheabhsú.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána
www.garda.ie

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
www.nsai.ie

Secured by Design
www.securedbydesign.com

Glasadóirí Comhlachaithe na hÉireann
www.aloi.net

Master Locksmiths Association
www.masterlocksmiths.co.uk